

# ✿ An Lúibín ✿

24 Deireadh Fómhair 2014

## Aistritheoirí

Is fada ó *An Lúibín* an tAontas Eorpach, ach ní bhacann si orainn aird a thabhairt ar an Aontas céanna ós ann atá cuid de na poist is mó gradam atá le fáil ag Gaeilgeoirí. Tá sé fógartha go bhfuil Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh ag iarráidh aistritheoirí a earcú ar chonarthaí sealadacha a mhairfidh trí bliana ar a mhéad. Sa Bhruiséil a bheidh na haistritheoirí ag obair. Tá go dtí an Aoine an 14 Samhain 2014 ag daoine chun iarratas a chur isteach.

Dálaí maithe oibre agus tuarastal an-mhaith (breis is €4000 sa mhí) atá ag gabháil leis na poist seo, agus ní dona an áit í an Bhruiséil, ardchathair na hEorpa: í ilteangach agus ilchultúrtha. Mar a deir an preasráiteas, parthas is ea í ag an té ar suim leis teangacha. (Féach *An Bhruiséil*: [https://ga.wikipedia.org/wiki/An\\_Bhruis%C3%A9il](https://ga.wikipedia.org/wiki/An_Bhruis%C3%A9il).)

Faoi fhad uaire go leith den Fhrainc agus den Ísiltír atá an Bhruiséil. Is gearr uaithi Lucsamburg, an Ghearmáin agus Londain, agus bíonn eitleáin ag imeacht gach lá idir í agus Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ní gá d'iarrthóirí cáilíochtaí acadúla san aistriúchán a bheith acu. Ní mór dóibh, áfach, taithí ar an aistriúchán a bheith acu, agus chuideodh cáilíochtaí i dteangacha nó cáilíochtaí san aistriúchán leo.

Féach:

[http://ec.europa.eu/dgs/translation/workwithus/staff/temporary/documents/call\\_temporary\\_translator\\_irish\\_ga.pdf](http://ec.europa.eu/dgs/translation/workwithus/staff/temporary/documents/call_temporary_translator_irish_ga.pdf)



## Tuairisc.ie agus a scéal

Míle fáilte roimh *Tuairisc.ie* ([www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie)), nuachtán Gaeilge atá ina oighre ar a lán nuachtán Gaeilge a chlis (nó ar baineadh an bonn uauthu): *Lá Nua, Gaelscéal, Foinse*, agus roinnt eile roimhe sin. Ós ar líne amháin atá *Tuairisc.ie* le fáil, tá deireadh le fadhbanna dáileacháin, cé go bhfuil daoine ann fós ar fearr leo mothú an pháipéir idir a méara. Tá caighdeán na Gaeilge agus na tuairiscíochta go maith, agus (rud tábhachtach) is féidir le Gaeilgeoirí ar fud an domhain an nuachtán a léamh gan dua. Seán Tadhg Ó Gairbhí, iriseoir seanchleachta, an t-eagarthóir. Tugtar tuairisc ar chúrsaí nuachta (idir áitiuil agus idirnáisiúnta), spóirt, cultúir, saoil agus pobail; tá tuairimíocht ann, déantar freastal ar fhoghlaimeoirí, agus tá físeáin ann.

Ar na scéalta atá ann tá píosa faoi phobalbhreith *Tuairisc.ie/Millward Brown* a deir go síleann 55% den phobal gur ceart an Ghaeilge a choinneáil mar ábhar 'éigeantach' san Ardteist. Na mná is mó a bhí ar a shon (58% díobh). An tuairim chéanna a bhí ag daoine idir 45- 54 bliain d'aois (60%). Bhí lucht an ghustail (62%) ina fhhabhar, mar a bhí daoine i gcúige Chonnacht agus i gcúige Uladh (62%). Fágann sin 34% arbh fhéarr leo deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach, agus (ní nach ionadh) daoine óga ina measc idir 15-17 bliain d'aois. Iad bréan den teagasc tur, gan dabht. I mBaile Átha Cliath is airde a bhí an lín ar mhian leo fáil réidh léi mar ábhar; rud suimiúil, ós ann a gheofá an lín is mó de Ghaeilgeoirí. Ach níor cuireadh ceist atá lán chomh tábhachtach: *An bhfuil tú sásta le curaclam agus modhanna teagaisc na Gaeilge éigeantaí*. Seans mór go ndéarfadh formhór mór na ndaoine nach bhfuil siad sásta ar chor ar bith.

Scéal eile atá ann is ea an taighde teangeolaíoch nua atá bunaithe ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch 2007. Taispeánann an tuarascáil nua gur in olcas atá staid na Gaeilge sa Ghaeltacht ag dul ó shin. An tOllamh Conchúr Ó Giollagáin agus saineolaithe ó Ollscoil Mhaigh Nuad a scríobh an tuarascáil. Sa Staidéar Cuimsitheach roinneadh ceantair Ghaeltachta ina dtír chatagoír – A, B agus C – de réir líon na gcainteoír laethúla Gaeilge iontu. Ba é Catagóir A an ceann ba láidre teanga agus bhí na ceantair is laige i gCatagóir C. Tá laghdú tagtha ar an líon cainteoiri laethúla i gcuid de na ceantair i gCatagóir A. Dúirt an Staidéar Cuimsitheach gur fiche bliain a bhí fágtha ag an nGaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht mura rachfaí i ngleic leis an lagú úd. Déarfadh an tOllamh Ó Giollagáin gur lú go mór an t-am atá fágtha. Is beag meas atá aige ar an Straiteís 20 Bláin don Ghaeilge agus gan inti, dar leis, ach ‘cur i gcéill’. Is dóigh leis nach bhfuil fonn ar na forais stáit go mbeadh aon dualgas orthu cúrsáí teanga a fheabhsú sa Ghaeltacht.



### Tvuíteáil uathoibritheach i nGaeilge

Tá CNGL (*Láirionad an Ábhair Dhomhanda Intleachtúil*) tar éis an chéad chóras aistriúcháin uathoibrígh Ghaeilge don tvuíteála a chur ar fáil. Chuaigh taighdeoirí de chuid CNGL in Ollscoil Chathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Microsoft agus chum siad ‘Brazilator,’ córas a d'aistrígh tvuítéanna i dtaobh Chorn Domhanda FIFA 2014 go dhá theanga dhéag. Bhí an Ghaeilge ar na teangacha sin.

Tá pobal mór tvuíteála ag an nGaeilge ach ní gan dua a cuireadh an córas aistriúcháin ar fáil. B'éis an neart téacsanna comhthreomhra a bhailíú i nGaeilge agus i mbÉarla, míle tvuít a aistriú de láimh agus sainfhoclóir sacair a chur le chéile. Chuidigh an méid sin leis an gcoras a chur ag obair. Tá gá, ar ndóigh, le breis sonraí.

Ina dhiaidh sin cuireadh an Chéad Saotharlann Cheilteach Teicneolaíochta Teanga ar bun (i Lúnasa 2014). Dúirt na príomhchainteoirí gurbh éigean na hacmhainní atá anois ann a fheabhsú agus féachaint chuige go bhfuil ceandúnais foinsí oscailte ag baint le hacmhainní nua. Pléadh a lán ábhar: parsáil, clibeáil ghrámadúil, aistriúchán staitisticíúil uathoibritheach, normalú téacsanna, próiseáil chainte, foghlaim ríomhchuidithe teangacha, trasdúchtóirí críochstaide,<sup>1</sup> foclóirí ar líne agus bunachair sonraí mhoirfeolaíocha.

Féach achoimrithe ar na páipéar ag <http://aclanthology.info/events/cltw-2014>.



### Sliocht as Beatha Cholmáin mhic Luacháin

Scéal MeánGhaeilge is ea *Betha Colmáin maic Lúacháin*, ceann de na seanchuntais ar naoimh na hÉireann. Tá scéilín deas draíochtúil ann faoin eachtra a bhain do Cholmán in abhainn na Brosná. Féach CELT: *The Corpus of Electronic Texts*: <http://www.ucc.ie/celt/published/G201036/index.html>. Seo anois é i nGaeilge an lae inniu. (Tá an bunleagan thíos faoi.)

Chuaigh Colmán tráth le táin ba go dtí an Bhrosnach ó Chill Bheag siar ó thuaidh agus chonaic scáth an duine san uisce. Chuaigh sé síos ann agus is amhlaídhe a samhlaíodh dó gur cheo solasta é, agus tháinig chuige ainmhithe amhlabhracha an uisce go ndearna siad trí rith ina fhianaise ag fáiltí roimhe, faoi mar a bhí siad ag rá: ‘Is é do bheatha, a Cholmáin, a thiarna an uisce agus na tíre, is duit a fhóinfimid go bráth’. Bhí Colmán faoi uisce lá agus oíche agus tháinig tirim as mar a bhí Naomh Pól agus é faoi uisce.<sup>2</sup> Bhí a thuistí an uair sin ar thóir an mhic agus bhí siad lán d’imní nó go bhfuarthas ina chodladh san uisce é. Nuair a tháinig a mháthair chuige ansin ghoil sí le barr áthais agus dúirt é seo [*i bhfoirm dán*]:

<sup>1</sup>

Baineann an téarma ‘críochstaid’ le samhail mhatamaiticiúil a úsáidtear chun cláir ríomhairesca a dhearadh. Is féidir léi aistriú ó staid amháin go dtí staid eile má spreagtar chuige í. Tá a lán gléasanna ann a dhéanann roinnt gníomh réamhshocraithe ar an dóigh seo: uathdhíoltóirí a dháileann earraí má chuirtear an méid ceart airgid isteach, mar shampla. Glacann ‘trasduchtóir’ teaghrán (i.e. seicheadh digití) ar théip amháin agus gineann teaghrán nua ar théip eile, rud a chuireann in iúl go bhfuil gaol idir dhá theanga fhoimiúla.

<sup>2</sup> *An Tiomna Nua*, 2 Cor XI 25: Tharla longbhriseadh dom trí huaire; chaith mé oíche agus lá sa sáile.

Mo mhac, ionúin é nuair a fheicim é; mo ré-se ar son do ré, ní bheidh mé beo i do dhiaidh.

Gura túisce m'éag féin ná éag mo laoch; beidh ceart agus cáin agam trí neart an naoimh.

Beannacht Dé ar an sruth nár bhreithnigh do bhás; chaith sé aníos thú chun go rathófá agus go bhfásfá.

Níor lig Dia tonn báis thar do bhéal i do bhroinn; molaim mo Rí, ghabh Críost faoina choim thú.

An mac bách a bhí naoi mí i mo bhroinn mhair sé tamall fada sa Bhrosnach bhán.

Tairngríodh duit gur chabhair do chách thú, go mbeadh tuath nach tréith faoi do sciath ar do scáth.

An linn ar chodail tú fúithi (?) is leat í seachas gach linn eile; tar liom ar feadh tamaill bhig, m'athair agus mo mhac.

Ansin tháinig Colmán as an uisce chun a thuistí agus ghabh sé go dtí Cill Bheag ina dhiaidh sin. Móradh ainm Dé agus Colmán tríd sin.

#### An bunleagan

*Feachtas dano dochúaid Colmán la tágán mbó conicci an mBrosnaig ó Chill Bicc síartuáid & ótconnaire scáth an duine isin usci dochúaid som síos ind & is amlaid tarfás dó hé amail chéo solusta & táncatar chuici-som animanna amlabré in usci, co fersat .iii. graifne ina fiadnaisi ic faoilti fris, amail bid ed asbertais; 'Mochen duit, a Cholmán, a thigerna ind usci-sa & in tíre, is duit fogénam-ne co bráth'. Robói tra Colmán fo usci laa & adaig & táinic tirim as amail robói Pól apstal fo usci. Robátar dano na tustidi in eret-sin oc túr an maic & bátar torsig co fríth ina chodlud isin usci. Ó rosíacht tra in máthair chuici cíis cóe foileti ina fiadnaisi & isbert so:*

*Mo mac, inmain hé/ ind inbaid atcíu, / mo ré-sea ar do rí / dar th'ési ní bíu.  
Rop tosci m'éc féin / oldás héic mo læig, / rombiá cert is cáin / triana nert in næim.  
Bendacht Dé ar in sruth / nár breithnaig do báis, / rotlá silliud súas / dot innium, dot fás.  
Nírlég Día tonn báis / dar do bél it broind, / atlochar dom Ríg, / rotgab Críost fo choim.  
An mac báid robói / nóna mísaib im áin / roaslaig mór n-úar / isin mBrosnaig báin.  
Rotarrigired duit / bat cobair do chách / co mbia túath nach tréith / fot scéith ar do scáth.  
An línd for thuil tú / sech cach línd bid lat, / tæt lemm athaig biuc / m'athair is mo mac.*

*Táinic iarum Colmán asin usci innís dochum a thustide & gabais co Cild Bicc iar sodain. Romórad ainm Dé & Colmáin truit-sin.*



#### Ainnise na snáithe: Hong Chantan

Ceardchumannaí is ea Hong Chantan; ach is ceardchumannaí í sa Chambóid, thír an-bhocht atá á rialú ag scothaimce ghustalach nach é leas na n-oibrithe an chloch is mó ar a bpáidrín. Sa Chambóid atá roinnt de na monarchana úd a sholáthraíonn éadaí saora don saol mór, agus cuireann an rialtas leas an lucht gnó chun tosaigh. An té a sheasann an fód ar son cearta daonna sa thír sin caithfidh sé a bheith misniúil agus seiftiúil.

Tá baint aige seo le hobair an Clean Clothes Campaign, comhcheangal d'eagraíochtaí a scaipeann eolas ar an troid atá ar siúl ag 60 milliún oibrí ar fud an domhain, a bhformhór ina mná, obair ainnis acu agus iad gan deis cheart mhaireachtála. Déantar iarracht ar bhrú a chur ar chomhlachtaí ilnáisiúnta agus a mheabhrú do dhaoiné céard as do na héadáí is féidir leo a cheannach ar shladmhargadh uaireanta ach a fhágann lucht a ndéanta in umar na haimléise. Sa Chambóid féin tá daoine calma ag troid gan stad. Chuir an nuachtán *Libération* agallamh

ar Hong Chantan agus í tar éis cuairt a thabhairt ar an bhFrainc ar lorg cabhrach, an chéad uair riamh a d'fhág sí a tir dhúchais.<sup>3</sup>

Is fiú a rá nach scéal neamhchoitianta atá aici. Cailleadh a hathair agus bhí uirthi dul ag obair i monarcha dhúshaothair. Is féidir lena leithéidí tuarastal míosúil an-íseal a ghlacadh nó tascobair a dhéanamh. Sa chéad chás bíonn diabhal éigin sa tarr ort, do d'imeaglú, agus bac ort éirí suas ón obair nó dul chun cainte le hoibrithe eile. Sa dara cás, bíonn tú i do mháistir ort féin, ach braitheann tú an brú ort i gconaí chun rudai a dhéanamh i seomra uafásach brocach. Deir an conradh go mbeidh tú ag obair ocht n-uair sa lá. I ndáiríre, bíonn tú ag obair dhá uair déag sa lá ar feadh sé lá den tseachtain, fiú ar laethanta saoire.

'Níl sócul agam ná fear céile. Táim i mo chónai in árasán beag dhá mhéadar déag chearnacha atá cúig nójmeád de shiúl ón monarcha agus an teaghlaigh uile tagtha chun cónaithe liom. Íocaim caoga dollar sa mhí mar chíos. Tá cúigear deirfiúr liom á marú féin le hobair sa mhonarcha. Éirím gach lá ag a cúig a chlog chun béis a réiteach. Stadaim den obair ag a hocht a chlog, téim ar an margadh agus ithim suipéar. Téim a chodladh ag a deich agus mé spíonta traochta.'<sup>4</sup>

Tuilleann sí \$140 sa mhí le hobair bħreise. Ní féidir léi í féin a chothu mar is ceart, clann a bheith aici ná airgead a shábháil.

Oibríonn Chantan i monarcha a dhéanann éadaí don għırupa Inditex (Zara). Áit phlódaithe shalach í agus brú uafásach oibre ann. Maslaítar mná ar mian leo dul go dtí an leithreas agus níl cead aici fanacht ann níos faide ná cúig nójmeád. Tá na fuinneoga clúdaithe agus mħaródh an teas thu. Níl aeráil ann; bíonn bréantas an tséarachais ann an t-am ar fad. Na hoibrithe a dhéanann na *jeans* go háirithe tagann galracha orthu de dheasca na dtuaslagóiri, na lotnaidicídí agus na gceimiceach eile. Is iomaí oibrí a fħulaingionn fiocas, tinneas broncach, galruithe nó ailse; cuireann oibrithé éigin lámh ina mbás féin.

Tá trí cheardchumann i monarcha Chantan féin, ach níl ach ceann neamhspleách amháin ann. Sin é an ceardchumann a mbaineann Chantan féin leis agus é ar a dhícheall ag cosaint na n-oibrithe. Is beag an t-ionadh má éirionn oibrithé amach ar an tsráid ag agóidíocht, ach bíonn na húdaráis ar a ndícheall ag iaraidh na hagoidí a chur faoi chois; maraítar, gortaítear nó fuadaítear na daoine atá páirteach iontu.

Bíonn na fostoirí ag iaraidh eagla a chur ar għniomha ithe ceardchumannacha agus ag bagairt báis orthu, go háirithe más mná atá i gceist. Sa Chambóid glactar leis go gcaithfidh mná a bheith géilliúil, agus mná is mó atá ag obair sna monarchana. Ach tá mná ann nach ngéilleann, leithéidí Hong Chantan.

Mura mian leat *An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

<sup>3</sup> Christian Lossen, 'Moi, Chantan, ouvrière textile au Cambodge, 12 heures par jour, 6 jours sur 7, sans congés...' *Libération*, 16 deireadh Fómhair 2014: [http://www.libération.fr/economie/2014/10/16/moi-chantan-ouvrière-textile-au-cambodge-12-heures-par-jour-6-jours-sur-7-sans-conges-payses\\_1122334](http://www.libération.fr/economie/2014/10/16/moi-chantan-ouvrière-textile-au-cambodge-12-heures-par-jour-6-jours-sur-7-sans-conges-payses_1122334)

<sup>4</sup> *Je n'ai pas de vie, pas de mari. J'habite dans un petit studio de 12 mètres carrés à vingt minutes à pied de l'usine avec toute ma famille qui m'a rejoints. On le loue 50 dollars par mois. Cinq de mes sœurs se tuent aussi à la tâche à l'usine. Je me lève tous les jours à 5 heures pour me préparer à manger. Je finis à 20 heures, je passe au marché, on mange et on se couche à 22 heures, terrassées par la fatigue.*

## Leaganacha simplithe

### Tuairisc.ie agus a scéal

Tá nuachtá nua ar fáil ar lineanois: *Tuairisc.ie* ([www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie)). Is é an nuachtán Gaeilge is déanaí é. Bhí a lán nuachtán eile ann roimhe sin, leithéidi *Lá Nua, Gaelscéal, Foinse* agus eile. Tá caighdeán na Gaeilge agus na tuairiscíochta go maith in Tuairisc.ie, agus tugtar tuairisc ar chúrsaí nuachta, spóirt, cultúir, saoil agus pobail.

Tá scéal ann faoi phobalbhreith a deir go sileann 55% den phobal gur ceart an Ghaeilge a choinneáil mar ábhar ‘éigeantach’ san Ardteist. Na mná agus daoine idir 45-54 bliain d’aois is mó a shil é sin. Shil mórán daoine óga idir 15-17 bliain d’aois gurbh fhéarr fáil réidh léi. Nior cuireadh ceist thábhachtach eile, áfach: *An bhfuil tú sásta le curaclar agus modhanna teagaisc na Gaeilge éigeantai?* Seans mór go ndéarfadh formhór mór na ndaoine nach bhfuil siad sásta ar chor ar bith.

Tá scéal eile ann thaighde teangeolaioch nua atá bunaithe ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch 2007. Taispeánann an tuarascáil nua gur in olcas atá staid na Gaeilge sa Ghaeltacht ag sul ó shin. Sa Staidéar Cuimsitheach roinneadh ceantair Ghaeltachta ina dtrí chatagoír – A, B agus C – de réir lion na cainteoirí laethúla Gaeilge iontu. Ba é Catagóir A an ceann ba láidre, ach tá laghdú tagtha ar an lion cainteoirí laethúla ann. Deir an tOllamh Ó Giollagáin, a rinne cuid mhaith den obair, gur gearr ar fad go mbeidh deireadh leis an nGaeilge sa Ghaelteacht mar theanga phobail. Is dóigh leis nach bhfuil fonn ar na forais stáit cuidiú le cursaí teanga a fheabhsú sa Ghaeltacht.

### Ainnise na snáithe: Hong Chantan

Ceardchumannach ón gCambóid is ea Hong Chantan. Sa Chambóid atá roinnt de na monarchana úd a sholáthraionn éadaí saora don saol mór. Taobhaíonn an rialtas le lucht gnó. Ní mór a bheith misniúil sa Chambóid más mian leat na hoibrithe a chosaint. Bhí hagallamh le Hong Chantan sa nuachtán Francach *Libération*, nuachtán den eite chlé.

Fuair athair Chantan bás agus bhí uirthi dul ag obair i monarcha dhúshaothair.<sup>5</sup> Is féidir lena leithéidí tuarastal míosúil an-íseal a ghilcadh nó tascobair a dhéanamh. Sa dá chás bionn brú ort mórán oibre a dhéanamh faoi dheifir, agus is beag airgead a shaothraíonn tú. Ní féidir le Chantan pósadh. Tá sí ina cónaí in árasán beag leis an gcuid eile den teaghlaigh agus bionn sí spionta i ndeireadh an lae. Ní féidir léi i fín a chothú mar is ceart ná airgead a shábháil.

Má éiríonn oibrithe amach ag agóidíocht déanann na húdaráis iarracht ar na hagóidí sin a chur faoi chois. Maraítear, gortaítear nó fuadaítear daoine. Bionn na fostóirí ag iarraidh eagla a chur ar ghníomhaithe ceardchumannacha.

Oibrionn Chantan féin i monarcha phlódaithe shalach. Maslaítear mná má théann siad go dtí an leithreas. Mharódh an teas thú. Tagann galracha ar oibrithe de thoradh na ceimicigh. Cuireann oibrithe éigin lámh ina mbás féin.

Sa Chambóid glactar leis go gcaithfidh mná a bheith géilliúil. Ach tá mná ann nach ngéilleann, leithéidí Hong Chantan.

<sup>5</sup> Monarcha dhúshaothair - sweatshop